

Filíocht | Sample answer

Géibheann (2017- Páipéar 2, Ceist 3A)

(i) “Úsáideann an file codarsnacht shoiléir chun dhá phictiúr (íomhá) den ainmhí a chur os ár gcomhair sa dán Géibheann.” É sin a phlé. *(The poet uses a clear contrast to present two images of the animal in the poem Géibheann. Discuss.)*

Ní fhéadfaí a bheith in aon amhras faoi ach go n-úsáideann an file codarsnacht shoiléir chun dhá íomhá de shaol an ainmhí a chur in iúl dúinn. Taispeánann an file dhá príomh-íomhá (*two main images*) sa dán. Ag tús an dáin, feicimid bród (*pride*) agus láidreach (*strength*) an ainmhí fiáin (*wild animal*), a bhí ina chónaí sna teochreasa i gcoill mhór (*in a large forest in the tropics*). Sa dara híomhá, feicimid an t-ainmhí céanna agus é i ngéibheann (*the same animal when he is in captivity*), é briste agus go hiomlán scriosta (*broken and totally destroyed*), sa zú.

Ar an gcéad dul síos, ag tús an dáin, feicimid an t-ainmhí saor (*the free animal*) sna teochreasa. Bhí sé láidir (*strong*) agus bhí an-chumhacht (*great power*) aige. Bhí sé cáiliúil (*famous*) mar gheall ar a áilleacht (*beauty*) agus toisc go raibh sé fiáin:

“a bhfuil cliú agus cáil ar mo scéimh”

Bhí smacht (*control*) aige ar na hainmhithe eile. Ba rí na coille é (*he was the king of the forest*). Bhí eagla ar dhaoine roimhe. Nuair a lig sé béic as (*let out a roar*), chroith na crainnte (*the trees shook*):

“chroithfinn crainnte na coille tráth le mo gháir”

Trí úsáid a bhaint as íomhánna (*through the use of images*) cruthaíonn an file íomhá éifeachtach de shaol an ainmhí uair amháin sna teochreasa.

Ar an dara dul síos, sa dara leath den dán, cruthaíonn an file an dara príomh-íomhá (*the second main image*) sa dán. An t-ainmhí céanna atá i gceist, ach anois, tá sé i bpriosún agus faoi smacht (*in prison and under control*) sa zú. Tá sé briste agus tá a spiorad scriosta (*his spirit is destroyed*).

Níl saoirse aige ar chor ar bith (*at all*). Ní dhéanann sé a lán rud anois. Luíonn sé ar an talamh gan aon rud le déanamh aige (*with nothing to do*):

“Ach anois, luím síos”

Feicimid an chodarsnacht go soiléir (*clearly*) anseo. Trí úsáid a bhaint as an teicníocht fhileata (*poetic technique*) seo, músclaíonn an dán seo brón san ainmhí.

Feicimid go bhfuil sé ag géilleadh suas ar a shaol (*giving up on his life*). Níl sé san áit bá dhual dó (*he ought to be*). Féachann sé amach trí leathshúil ar an t-aon chrann sa chás (*the only tree in the cage*). Níl aon fuinneamh (*energy*) aige anois i gcodarsnacht leis an saol a bhí aige uair amháin:

“breathním trí leathshúil ar an gcrann aonraic sin thall”

Trí úsáid a bhaint as an gcodarsnacht sa dán, tuigimid go seasann an t-ainmhí don file féin (*we realise that the animal stands for the poet herself*). Is meafar é an t-ainmhí don file féin (*the animal is a metaphor for the poet*). Bhí fuinneamh aici uair amháin, cosúil leis an ainmhí, nuair a bhí a sláinte aige (*when she had her health*). Bhí saoirse aici a rogha rud a dhéanamh (*she had the freedom to choose what to do*). Throid sí ar son cearta daoine (*on behalf of human rights*) agus scríobh sí filíocht. Ach anois, mothaíonn sí cosúil (*she feels similar*) leis an t-ainmhí i ngéibheann sa zú. Tá sí féin i ngéibheann nuair a d'éirigh sí tinn. Bhí ailse (*cancer*) uirthi, agus chaill sí a fuinneamh:

“Ach anois, luím síos”

Feicimid go raibh sí teannaithe agus srianta (*restrained and suppressed*) ina saol.

Mar sin, is léir go n-úsáideann an file codarsnacht chun an dhá príomh-íomhá sa dán a chur ós ár gcomhair.

(ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) *(How did the poem affect you? One point of information from the poem is enough to support your answer.)*

Gan aon amhras faoi, chuaigh an dán seo i bhfeidhm go mór orm. Ar an gcéad dul síos, d'oscail an file mo shamhlaíocht féin *(the poet opened my mind)* do chearta na hainmhithe *(animal rights)*. Ag tús an dáin, feicimid ainmhí saor, sona agus láidir sna teochreasa. Bhí sé lán le fuinneamh *(full of energy)* agus bhí sé in ann a rogha rud a dhéanamh mar gheall ar an saoirse a bhí aige. Bhí smacht aige ar na hainmhithe eile *(control over the other animals)*. Ba rí na coille é:

“a bhfuil cliú agus cáil ar mo scéimh. Chroithfinn crainnte na coille tráth le mo gháir”

Ach, tugann an file le fios dúinn an easpa saoirse *(lack of freedom)* a bhí ag an ainmhí fiáin sna teochreasa. Bhí sé tógtha óna áit dúchais *(taken from his home)* agus cuireadh é i gcás beag *(put in a small cage)*, le crann amháin, sa zú. Tá an t-ainmhí briste, brónach agus ag geilleadh suas ar a shaol:

“ach anois, luím síos”

Is léir nach bhfuil sé san áit ba dhual dó agus níl sé sin ceart. Tógadh a chearta uaidh *(his rights were taken from him)*.

Anuas ar seo, chuaigh an dán seo i bhfeidhm orm mar chuir sé brón orm. Thuig mé go seasann an t-ainmhí don file féin *(I realised that the animal stands for the poet herself)*. Nuair a bhí an file óg, bhí saoirse aici toisc go raibh a sláinte agus a fuinneamh aici. Ach faraor *(unfortunately)*, d'éirigh sí tinn le hailse. Chaill sí a saoirse agus a fuinneamh. Cosúil leis an ainmhí, thosaigh sí ag géilleadh suas ar a saol. Músclaíonn an dán seo brón ionaim mar sin.

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile seo. *(Who composed this poem? Wrote a brief note on the life and work of this poet.)*

Scríobh Caitlín Maude an dán seo. Rugadh i Ros Muc i gcontae na Gaillimhe í sa bhliain 1941. Bhain sí céim BA *(Bachelor's degree)* amach i gColáiste na hOllscoile, i gcontae na Gaillimhe. Bhí sí ag obair mar mhúinteoir scoile i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh.

Bean lán le fuinneamh a bhí inti. Amhránaí (*singer*) álainn ab ea í freisin, go háirithe ar an sean nós. Ceoltóir (*musician*), aisteoir agus file ab ea í chomh maith. Ghlac sí an phríomhpháirt (*she played the main part*) sa chéad léiriú den dráma (*in the first production of the drama*) “An Triail” in Amharclann an Damer i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1964.

Bhí an-suim aici sa Ghaeilge agus ag lorg cearta do Ghaeilgeoirí (*fighting for right for Irish speakers*). Faraor, d’éirigh sí tinn le hailse agus fuair sí bás sa bhliain 1982. Bhí suim aici sa pholaitíocht (*politics*) agus saoirse agus cearta daoine. Foilsíodh dhá chnuasach filíochta dá cuid tar éis a báis (*two collections of her poetry were published after her death*); Dánta (1984) agus Drámaíocht agus Prós (1988).